

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 25



An t-eagrán Gaeilge

### Reachtaíocht

Imleabhar 65

4 Feabhra 2022

Clár

#### II Gníomhartha neamhrechtacha

##### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/147 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 ..... 1
- ★ Rialachán (AE) 2022/148 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin ..... 5
- ★ Rialachán (AE) 2022/149 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis ..... 7
- ★ Rialachán Tarmhligthe (AE) 2022/150 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an méid scadán a fhéadfar a allmhairiú faoi tharaif-chuóta 09.0006 ..... 9

##### CINNÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin ..... 11
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/152 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1192 ..... 13
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/153 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/486/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintiteas áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin ..... 17

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/154 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis ..... 18
  
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/155 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2022 maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe lena gceadaítear an táirge bithicídeach Clinisept + Skin Disinfectant a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadaítear a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)457) ..... 20

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/147 ÓN gCOMHAIRLE

an 3 Feabhra 2022

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 19 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 <sup>(2)</sup>, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001, lena mbunaítear liosta nuashonraithe na ndaoine, na ngrúpaí, agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir leo (“an liosta”).
- (2) I gcás inarbh fhéidir go praiticiúil é, chuir an Chomhairle ráitis ar fáil do na daoine, na grúpaí agus na heintitis ar fad ar na cúiseanna ar cuireadh ar an liosta iad.
- (3) Trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chuir an Chomhairle na daoine, na grúpaí agus na heintitis atá ar an liosta ar an eolas gur chinn sí iad a choinneáil ar an liosta sin. Chomh maith leis sin, chuir an Chomhairle in iúl do na daoine, na grúpaí agus na heintitis sin lena mbaineann go bhféadfaí ráiteas a iarraidh ar na cúiseanna a bhí ag an gComhairle iad a chur ar an liosta i gcás nár tugadh ráiteas den sórt sin dóibh cheana.
- (4) Tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an liosta faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aici, chuir an Chomhairle na barúlacha a chuir na daoine lena mbaineann faoina bráid san áireamh chomh maith leis an bhfaisnéis nuashonraithe a fuarthas ó na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le stádas na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá liostaithe ar an leibhéal náisiúnta.

<sup>(1)</sup> IO L 344, 28.12.2001, lch. 70.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/138 (IO L 258, 20.7.2021, lch. 14).

- (5) Tá an Chomhairle tar éis a fhíorú go bhfuil údarás inniúla, dá dtagraítear in Airteagal 1(4) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle <sup>(3)</sup>, tar éis cinntí a dhéanamh i dtaca le gach duine, gach grúpa agus gach eintiteas atá ar an liosta lena léirítear go raibh baint acu le gníomhartha scéimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(2) agus (3) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES. Tá an Chomhairle tar éis a chinneadh freisin gur cheart go leanfadh na daoine, na grúpaí agus na heintitis a bhfuil feidhm ag Airteagal 2, Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo de bheith faoi réir na mbeart sriantach sonracha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001.
- (6) Chinn an Chomhairle nach bhfuil forais ann a thuilleadh chun duine amháin a choinneáil ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagal 2, Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo.
- (7) Ba cheart an liosta a nuashonrú dá réir, agus ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leagtar amach an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Déantar, leis seo, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1188 a aisghairm.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J.-Y. LE DRIAN

---

<sup>(3)</sup> Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an scéimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93).

## IARSCRÍBHINN

## LIOSTA NA nDAOINE, NA nGRÚPAÍ AGUS NA nEINTITEAS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

## I. DAOINE

1. ABDOLLAHI, Hamed (ar a dtugtar freisin Mustafa Abdullahi) a rugadh an 11.8.1960 san Iaráin. Uimhir an phas: D9004878.
2. AL-NASSER Abdelkarim Hussein Mohamed, a rugadh in Al Ihsa (an Araib Shádach), saoránach de chuid na hAraibe Sádaí.
3. AL-YACOUB Ibrahim Salih Mohammed, a rugadh an 16.10.1966 in Tarut (an Araib Shádach), saoránach de chuid na hAraibe Sádaí.
4. ARBABSIAR Manssor (ar a dtugtar freisin Mansour Arbabsiar), a rugadh an 6.3.1955 nó an 15.3.1955 san Iaráin. Náisiúnach de chuid na hIaráine agus de chuid SAM, uimhir an phas: C2002515 (an Iaráin); uimhir an phas: 477845448 (SAM). Uimhir aitheantais náisiúnta: 07442833, dáta éaga 15.3.2016 (ceadúnas tiomána SAM).
5. ASADI Assadollah (ar a dtugtar freisin Assadollah Asadi), a rugadh an 22.12.1971 in Tehran (an Iaráin), náisiúnach de chuid na hIaráine. Uimhir an phas taidhleoireachta Iaránaigh: D9016657.
6. BOUYERI Mohammed (ar a dtugtar freisin Abu ZUBAIR, ar a dtugtar freisin SOBIAR, ar a dtugtar freisin Abu ZOUBAIR), a rugadh an 8.3.1978 in Amstardam (an Ísiltír).
7. EL HAJJ Hassan Hassan, a rugadh an 22.3.1988 in Zaghdraiya, Sidon, an Liobáin, saoránach de chuid Ceanada. Uimhir an phas: JX446643 (Ceanada).
8. HASHEMI MOGHADAM Saeid, a rugadh an 6.8.1962 in Tehran (an Iaráin), náisiúnach de chuid na hIaráine. Uimhir an phas: D9016290, bailí go dtí an 4.2.2019.
9. IZZ-AL-DIN Hasan (ar a dtugtar freisin GARBAYA, Ahmed, ar a dtugtar freisin Sa'íd, ar a dtugtar freisin SALWWAN, Samir), an Liobáin, a rugadh in 1963 sa Liobáin, saoránach de chuid na Liobáine.
10. MELIAD Farah, a rugadh an 5.11.1980 in Sydney (an Astráil), saoránach de chuid na hAstráile. Uimhir an phas: M2719127 (an Astráil).
11. MOHAMMED Khalid Sheikh (ar a dtugtar freisin ALI, Salem, ar a dtugtar freisin BIN KHALID, Fahd Bin Adballah, ar a dtugtar freisin HENIN, Ashraf Refaat Nabith, ar a dtugtar freisin WADOOD, Khalid Abdul), a rugadh an 14.4.1965 nó an 1.3.1964 sa Phacastáin, uimhir an phas 488555.
12. SHAHLAI Abdul Reza (ar a dtugtar freisin Abdol Reza Shala'i, ar a dtugtar freisin Abd-al Reza Shalai, ar a dtugtar freisin Abdorreza Shahlai, ar a dtugtar freisin Abdolreza Shahla'i, ar a dtugtar freisin Abdul-Reza Shahlaee, ar a dtugtar freisin Hajj Yusef, ar a dtugtar freisin Haji Yusif, ar a dtugtar freisin, Hajji Yasir, ar a dtugtar freisin Hajji Yusif, ar a dtugtar freisin Yusuf Abu-al-Karkh), a rugadh thart ar 1957 san Iaráin. Seoltaí: (1) Kermanshah, an Iaráin, (2) Bunáit Mhíleata Mehran, cúige Ilam, an Iaráin.
13. SHAKURI Ali Gholam, a rugadh thart ar 1965 in Tehran na hIaráine.

## II. GRÚPAÍ AGUS EINTITIS

1. "Abu Nidal Organisation" — "ANO" (ar a dtugtar freisin "Fatah Revolutionary Council", ar a dtugtar freisin "Arab Revolutionary Brigades", ar a dtugtar freisin "Black September", ar a dtugtar freisin "Revolutionary Organisation of Socialist Muslims").
2. "Al-Aqsa Martyrs' Brigade".
3. "Al-Aqsa e.V".
4. "Babbar Khalsa".

5. “Communist Party of the Philippines”, lena n-áirítear “New People’s Army” — “NPA”, na hOileáin Philipíneacha.
  6. Stiúrthóireacht na Slándála Inmheánaí in Aireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine.
  7. “Gama’a al-Islamiyya” (ar a dtugtar freisin “Al-Gama’a al-Islamiyya”) “Islamic Group” — “IG”).
  8. “İslami Büyük Doğu Akıncılar Cephesi” — “IBDA-C” (“Great Islamic Eastern Warriors Front”).
  9. “Hamas”, lena n-áirítear ‘Hamas-Izz al-Din-al-Qassem’.
  10. “Hizballah Military Wing” (ar a dtugtar freisin “Hezbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbullah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hisbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbu’llah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizb Allah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Jihad Council” (agus gach aonad a thairiscíonn di, lena n-áirítear an Eagraíocht Slándála Seachtraí)).
  11. “Hizbul Mujahideen” — “HM”.
  12. “Khalistan Zindabad Force” — “KZF”.
  13. “Kurdistan Workers’ Party” — “PKK” (ar a dtugtar freisin “KADEK”, ar a dtugtar freisin “KONGRA-GEL”).
  14. “Liberation Tigers of Tamil Eelam” — “LTTE”.
  15. “Ejército de Liberación Nacional” (“an tArm um Shaoradh Náisiúnta”).
  16. “Palestinian Islamic Jihad” — “PIJ”.
  17. “Popular Front for the Liberation of Palestine” — “PFLP”.
  18. “Popular Front for the Liberation of Palestine — General Command” (ar a dtugtar freisin “PFLP — General Command”).
  19. “Devrimci Halk Kurtuluş Partisi-Cephesi” — “DHKP/C” (ar a dtugtar freisin “Devrimci Sol” (“Revolutionary Left”), ar a dtugtar freisin “Dev Sol”) (“Revolutionary People’s Liberation Army/Front/Party”).
  20. “Sendero Luminoso” — “SL” (“an Chonair Lonrach”).
  21. “Teyrbazen Azadiya Kurdistan” — “TAK” (ar a dtugtar freisin “Kurdistan Freedom Falcons”, ar a dtugtar freisin “Kurdistan Freedom Hawks”).
-

**RIALACHÁN (AE) 2022/148 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 3 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle an 1 Lúnasa 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 <sup>(2)</sup> ón gComhairle, tugtar éifeacht do bhearta sriantacha a glacadh faoi chreat na Náisiún Aontaithe.
- (2) An 22 Nollaig 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2615 (2021). Tugtar isteach go háirithe leis an Rún sin díolúine nua maidir leis na bearta sriantacha i dtaca le cabhair dhaonnúil agus le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine san Afganastáin.
- (3) An 3 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/153 <sup>(3)</sup>, lena leasaítear Cinneadh 2011/486/CBES i gcomhréir le Rún 2615 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- (4) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 753/2011, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine san Afganastáin nó chun tacú le gníomhaíochtaí den sórt sin.”.

<sup>(1)</sup> IO L 199, 2.8.2011, lch. 57.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle an 1 Lúnasa 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin (IO L 199, 2.8.2011, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/153 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/486/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin (féach leathanach 17 den Iris Oifigiúil seo).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J.-Y. LE DRIAN

---



**RIALACHÁN (AE) 2022/149 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 3 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, cuirtear calcadh sócmhainní de bhun Chinneadh 2011/72/CBES i gcoinne daoine agus eintitis áirithe a aithníodh mar dhaoine nó mar eintitis atá freagrach as míleithreasú chistí Stáit na Túinéise chun bhfeidhme.
- (2) An 3 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/154 <sup>(3)</sup>, lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a mhéid a bhaineann le coinníollacha ar a bhféadfar leanúint de chistí duine éagtha a chalcadh.
- (3) Tagann an leasú sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomh rialála ar leibhéal an Aontais chun é a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú sna Ballstáit go léir.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leanas:

- (1) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*“Airteagal 2a*

I gcás éag duine a liostaítear in Iarscríbhinn I:

- (a) i gcás ina ndearnadh ciontú coiriúil i leith míleithreasú cistí Stáit i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh go dtí go ndéanfar ordúithe cúirte chun cistí an Stáit míleithreasaithe a aisghabháil agus go dtí go ndéanfar íoc fineálacha a fhorghníomhú;

<sup>(1)</sup> IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle an 4 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 31, 5.2.2011, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/154 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (féach leathanach 2022/154 den Iris Oifigiúil seo).

(b) i gcás nach ndearnadh aon chiontú coiriúil den sórt sin i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh ar feadh tréimhse réasúnach ama, faoi réir Airteagal 12(5). Má thionscnaítear caingean shibhialta nó riaracháin laistigh den tréimhse sin chun cistí Stáit míleithreasaithe a aisghabháil, fanfaidh na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú caltha go dtí go ndíbfhear an chaingean sin nó, má sheastar léi, go dtí go mbeidh ordú na cúirte chun na cistí míleithreasaithe a aisghabháil forghníomhaithe.”;

(2) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Déanfaidh an Chomhairle an liosta in Iarscríbhinn I a leasú de réir mar is gá a luaithe a shuífidh sí nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2a maidir le calcadh cistí agus acmhainní eacnamaíocha ba leis an duine éagtha nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú, nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh.”.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J.-Y. LE DRIAN

---

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/150 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 17 Samhain 2021**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an méid scadán a fhéadfar a allmhairiú faoi tharaif-chuóta 09.0006**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle an 17 Nollaig 1999 lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le CGTT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéantar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe le haghaidh na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 10a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (“an Comhaontú”), arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/803 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, leasaítear taraif-chuóta le haghaidh scadán i ndáil leis an méid atá le hallmhairiú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2021.
- (2) Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 32/2000.
- (3) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 a leasú dá réir.
- (4) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go bhfuil feidhm ag an leasú a dhéantar leis an Rialachán seo maidir le tréimhse taraif-chuóta atá ar siúl an lá a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, is gá forálacha idirthréimhseacha a leagan síos don tréimhse sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 32/2000**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 32/2000, sa ró le haghaidh shraithuimhir 09.0006, sa cholún dar teideal “Méid an chuóta”, cuirtear an méid “33 496 tona” in ionad “31 888 tona”.

*Airteagal 2*

**Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh thréimhse an taraif-chuóta atá ar siúl**

1. Is é an méid a bheidh ar fáil don chuid eile de thréimhse an taraif-chuóta atá ar siúl ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an difríocht idir méid an chuóta arna leasú leis an Rialachán seo agus méid an chuóta a leithdháileadh cheana féin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

<sup>(1)</sup> IO L 5, 8.1.2000, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2021/803 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 181, 21.5.2021, lch. 1).

2. Más rud é ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go raibh an cuóta is infheidhme an 3 Feabhra 2022 ídithe, leithdháilfear an méid nua den chuóta a bheidh ar fáil ar oibreoirí ag leanúint ord croineolaíoch na ndátaí ar glacadh lena ndearbhuithe custaim le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht. Oibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí lasmuigh de chuóta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, aisíocfar leo, ar iarratas uathu agus sa mhéid agus is féidir sin le hiarmhéid an taraif-chuóta, an difríocht sa dleacht a íocadh cheana.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Samhain 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

# CINNTEÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/151 ÓN gCOMHAIRLE

an 3 Feabhra 2022

### maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 10 Nollaig 2001, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES <sup>(1)</sup> lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (ISAE). Cuireadh síneadh le sainordú ISAE roinnt uaireanta, den uair is déanaí le Cinneadh (CBES) 2017/289 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, go dtí an 31 Lúnasa 2017.
- (2) An 30 Bealtaine 2007, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES <sup>(3)</sup> lena mbunaítear Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL Afganastáin). Cuireadh síneadh le EUPOL Afganastáin roinnt uaireanta, den uair is déanaí le Cinneadh (CBES) 2016/2040 ón gComhairle <sup>(4)</sup>, go dtí an 15 Meán Fómhair 2017.
- (3) An 1 Bealtaine 2021, chuir an Talibán tús le hionsaí agus thosaigh sí ag gabháil smacht ar líon mór dúichí san Afganastáin, líon a chuaigh i méid de réir a chéile. An 15 Lúnasa 2021, ghabh fórsaí Talibán ceannas ar Chabúl agus chuir siad an rialtas bunaithe ar an mbunreacht as cumhacht.
- (4) I ráiteas an 31 Lúnasa 2021 maidir leis an staid san Afganastáin, thug an Chomhairle dá haire an méid seo a leanas: “tugadh tús áite agus leanfar de thús áite a thabhairt d’aslonnú ár saoránach agus, a mhéid ab fhéidir, d’aslonnú náisiúnach Afganastánach agus a dteaghlaigh a chomhoibriú leis an Aontas agus lena Bhallstáit”.
- (5) Sna conclúidí uaithi an 15 Meán Fómhair 2021 maidir leis an Afganastáin, thug an Chomhairle dá haire an méid seo a leanas: “[...] ó mhí Lúnasa 2021 i leith, rinne an comhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tAontas agus a Bhallstáit, comhiarracht, faoi chúinsí fíordheacra, na mílte saoránach de chuid an Aontais agus náisiúnach trídísle agus a aslonnú, lena n-áirítear Afganastánaigh a bhí ag obair do mhisin taidhleoireachta agus Afganastánaigh eile a bhí i mbaol, siocair baint a bheith acu, ar bhonn prionsabail, lenár gcomhluachanna. Ba léiriú ceart é sin ar dhlúthpháirtíocht an Aontais.”
- (6) Sna cúinsí eisceachtúla sin, ón 1 Meitheamh 2021 ar aghaidh, tá an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) tar éis aslonnú Afganastánach a eagrú agus a bhainistiú, go háirithe iad siúd a d’oibrigh do ISAE nó do EUPOL Afganastáin, chomh maith le haslonnú Afganastánach fíorleochaileach eile a chomhoibriú leis an Aontas, agus a ngarghaolta cleithiúnacha. Ba cheart leanúint den aslonnú sin i rith na bliana 2022. Tá liosta daoine atá incháilithe don aslonnú curtha ar bun ag SEGS amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2021. Féadfaidh SEGS é a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

<sup>(1)</sup> Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES ón gComhairle an 10 Nollaig 2001 a bhaineann le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh a cheapadh (IO L 326, 11.12.2001, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2017/289 ón gComhairle an 17 Feabhra 2017 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/2005 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (IO L 42, 18.2.2017, lch. 13).

<sup>(3)</sup> Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES ón gComhairle an 30 Bealtaine 2007 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL AFGANISTAN) a bhunú (IO L 139, 31.5.2007, lch. 33).

<sup>(4)</sup> Cinneadh (CBES) 2016/2040 ón gComhairle an 21 Samhain 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/279/CBES maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL AFGHANISTAN), lena bhforáiltear dá leachtú (IO L 314, 22.11.2016, lch. 20).

- (7) Leis an ngníomhaíocht oibríochtúil faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, ba cheart tacú leis na haslonnú sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Cuspóirí agus raon feidhme**

1. Tacóidh an tAontas leis an aslonnú ón Afganastáin, idir an 1 Meitheamh 2021 agus an 31 Nollaig 2022, i gcás:
  - (a) iar-bhaill fhoireann Ionadaí Speisialta an Aontaigh Eorpaigh san Afganastáin (ISAE);
  - (b) iar-bhaill fhoireann EUPOL Afganastáin;
  - (c) na daoine fíorleochaileacha eile seo a leanas:
    - oifigigh nó gairmithe eile, gníomhach in earnáil na polaitíochta nó na slándála san Afganastáin (amhail breithiúna, ionchúisitheoirí, póilíní, pearsanra míleata agus iriseoirí), ar cuireadh oiliúint orthu faoi bheartas an Aontais nó a raibh baint acu le cur chun feidhme bheartais an Aontais;
    - baill d'fhoireann iar-sholáthróirí EUPOL Afganastáin agus d'fhoireann ISAE; agus,
    - baill d'fhoireann soláthróirí thoscaireacht an Aontais i gCabúl, arna bhfostú sa cháiil sin le linn na tréimhse idir an 16 Lúnasa 2019 agus an 15 Lúnasa 2021; agus,
  - (d) céilí cleithiúnacha, leanaí, tuismitheoirí agus deirfiúracha neamhphósta na ndaoine a liostaítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c).
2. Déanfaidh SEGS, faoi údarás Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí), an t-aslonnú dá dtagraítear i mír 1 a eagrú agus a bhainistiú.
3. Beidh an tArdionadaí freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 2*

**Socrúithe airgeadais**

1. EUR 1 990 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an ghníomhaíocht reatha a chur chun feidhme.
2. Bainisteofar an caiteachas go léir i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.
3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le SEGS.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus ré**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J.-Y. LE DRIAN

**CINNEADH (CBES) 2022/152 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 3 Feabhra 2022**

**lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1192**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 27 Nollaig 2001, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2001/931/CBES <sup>(1)</sup>.
- (2) An 19 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1192 <sup>(2)</sup> lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES (“an liosta”).
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 1(6) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES, is gá athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar ainmneacha na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá ar an liosta chun a áirithiú go bhfuil forais ann lena gcoimeád ar an liosta.
- (4) Leagtar amach sa Chinneadh seo toradh an athbhreithnithe a rinne an Chomhairle i dtaca leis na daoine, na grúpaí agus na heintitis a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo.
- (5) Tá an Chomhairle tar éis a fhíorú go bhfuil údarais inniúla, dá dtagraítear in Airteagal 1(4) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES, tar éis cinntí a dhéanamh i dtaca le gach duine, gach grúpa agus gach eintiteas atá ar an liosta lena léirítear go raibh baint acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(2), agus (3) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES. Tá an Chomhairle tar éis teacht ar an tátal freisin gur cheart go leanfadh na daoine, na grúpaí agus na heintitis a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo de bheith faoi réir na mbeart sriantach sonracha dá bhforáiltear i gComhsheasamh 2001/931/CBES.
- (6) Chinn an Chomhairle nach bhfuil forais ann a thuilleadh chun duine amháin a choinneáil ar an liosta.
- (7) Ba cheart an liosta a nuashonrú dá réir sin, agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1192 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2021/1192 a aisghairm.

<sup>(1)</sup> Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93).

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2021/1192 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/142 (IO L 258, 20.7.2021, lch. 42).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J.-Y. LE DRIAN

---



## IARSCRÍBHINN

## LIOSTA NA nDAOINE, NA nGRÚPAÍ AGUS NA nEINTITEAS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

## I. DAOINE

1. ABDOLLAHI, Hamed (ar a dtugtar freisin Mustafa Abdullahi) a rugadh an 11.8.1960 san Iaráin. Uimhir an phas: D9004878.
2. AL-NASSER Abdelkarim Hussein Mohamed, a rugadh in Al Ihsa (an Araib Shádach), saoránach de chuid na hAraibe Sádaí.
3. AL-YACOUB Ibrahim Salih Mohammed, a rugadh an 16.10.1966 in Tarut (an Araib Shádach), saoránach de chuid na hAraibe Sádaí.
4. ARBABSIAR Manssor (ar a dtugtar freisin Mansour Arbabsiar), a rugadh an 6.3.1955 nó an 15.3.1955 san Iaráin. Náisiúnach de chuid na hIaráine agus de chuid SAM, uimhir an phas: C2002515 (an Iaráin); uimhir an phas: 477845448 (SAM). Uimhir aitheantais náisiúnta: 07442833, dáta éaga 15.3.2016 (ceadúnas tiomána SAM).
5. ASADI Assadollah (ar a dtugtar freisin Assadollah Asadi), a rugadh an 22.12.1971 in Tehran (an Iaráin), náisiúnach de chuid na hIaráine. Uimhir an phas taidhleoireachta Iaránaigh: D9016657.
6. BOUYERI Mohammed (ar a dtugtar freisin Abu ZUBAIR, ar a dtugtar freisin SOBIAR, ar a dtugtar freisin Abu ZOUBAIR), a rugadh an 8.3.1978 in Amstardam (an Ísiltír).
7. EL HAJJ Hassan Hassan, a rugadh an 22.3.1988 in Zaghdraiya, Sidon, an Liobáin, saoránach de chuid Ceanada. Uimhir an phas: JX446643 (Ceanada).
8. HASHEMI MOGHADAM Saeid, a rugadh an 6.8.1962 in Teheran (an Iaráin), náisiúnach de chuid na hIaráine. Uimhir an phas: D9016290, bailí go dtí an 4.2.2019.
9. IZZ-AL-DIN Hasan (ar a dtugtar freisin GARBAYA, Ahmed, ar a dtugtar freisin Sa'id, ar a dtugtar freisin SALWWAN, Samir), an Liobáin, a rugadh in 1963 sa Liobáin, saoránach de chuid na Liobáine.
10. MELIAD Farah, a rugadh an 5.11.1980 in Sydney (an Astráil), saoránach de chuid na hAstráile. Uimhir an phas: M2719127 (an Astráil).
11. MOHAMMED Khalid Sheikh (ar a dtugtar freisin ALI, Salem, ar a dtugtar freisin BIN KHALID, Fahd Bin Adballah, ar a dtugtar freisin HENIN, Ashraf Refaat Nabith, ar a dtugtar freisin WADOOD, Khalid Abdul), a rugadh an 14.4.1965 nó an 1.3.1964 sa Phacastáin, uimhir an phas 488555.
12. SHAHLAI Abdul Reza (ar a dtugtar freisin Abdol Reza Shala'i, ar a dtugtar freisin Abd-al Reza Shalai, ar a dtugtar freisin Abdorreza Shahlai, ar a dtugtar freisin Abdolreza Shahla'i, ar a dtugtar freisin Abdul-Reza Shahlaee, ar a dtugtar freisin Hajj Yusef, ar a dtugtar freisin Haji Yusif, ar a dtugtar freisin, Hajji Yasir, ar a dtugtar freisin Hajji Yusif, ar a dtugtar freisin Yusuf Abu-al-Karkh), a rugadh thart ar 1957 san Iaráin. Seoltaí: (1) Kermanshah, an Iaráin, (2) Bunáit Mhíleata Mehran, cúige Ilam, an Iaráin.
13. SHAKURI Ali Gholam, a rugadh thart ar 1965 in Teheran na hIaráine.

## II. GRÚPAÍ AGUS EINTITIS

1. "Abu Nidal Organisation" — "ANO" (ar a dtugtar freisin "Fatah Revolutionary Council", ar a dtugtar freisin "Arab Revolutionary Brigades", ar a dtugtar freisin "Black September", ar a dtugtar freisin "Revolutionary Organisation of Socialist Muslims").
2. "Al-Aqsa Martyrs' Brigade".
3. "Al-Aqsa e.V".
4. "Babbar Khalsa".

5. “Communist Party of the Philippines”, lena n-áirítear “New People’s Army” — “NPA”, na hOileáin Philipíneacha.
  6. Stúirthóireacht na Slándála Inmheánaí in Aireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine.
  7. “Gama’a al-Islamiyya” (ar a dtugtar freisin “Al-Gama’a al-Islamiyya”) Islamic Group” — “IG”).
  8. “İslami Büyük Doğu Akıncılar Cephesi” — “IBDA-C” (“Great Islamic Eastern Warriors Front”).
  9. “Hamas”, lena n-áirítear ‘Hamas-Izz al-Din-al-Qassem’.
  10. “Hizballah Military Wing” (ar a dtugtar freisin “Hezbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbullah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hisbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbu’llah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizb Allah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Jihad Council” (agus gach aonad a thairiscíonn di, lena n-áirítear an Eagraíocht Slándála Seachtraí)).
  11. “Hizbul Mujahideen” — “HM”.
  12. “Khalistan Zindabad Force” — “KZF”.
  13. “Kurdistan Workers’ Party” — “PKK” (ar a dtugtar freisin “KADEK”, ar a dtugtar freisin “KONGRA-GEL”).
  14. “Liberation Tigers of Tamil Eelam” — “LTTE”.
  15. “Ejército de Liberación Nacional” (“an tArm um Shaoradh Náisiúnta”).
  16. “Palestinian Islamic Jihad” — “PIJ”.
  17. “Popular Front for the Liberation of Palestine” — “PFLP”.
  18. “Popular Front for the Liberation of Palestine — General Command” (ar a dtugtar freisin “PFLP — General Command”).
  19. “Devrimci Halk Kurtuluş Partisi-Cephesi” — “DHKP/C” (ar a dtugtar freisin “Devrimci Sol” (“Revolutionary Left”), ar a dtugtar freisin “Dev Sol”) (“Revolutionary People’s Liberation Army/Front/Party”).
  20. “Sendero Luminoso” — “SL” (“an Chonair Lonrach”).
  21. “Teyrbazen Azadiya Kurdistan” — “TAK” (ar a dtugtar freisin “Kurdistan Freedom Falcons”, ar a dtugtar freisin “Kurdistan Freedom Hawks”).
-

**CINNEADH (CBES) 2022/153 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 3 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/486/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintiteas áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle an 1 Lúnasa 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 1 Lúnasa 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/486/CBES.
- (2) An 22 Nollaig 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2615 (2021) lena gcuirtear in iúl gur cúis mhór inné di an staid dhaonnúil san Afganastáin, lena n-áirítear neamhshlándáil an tsoláthair bia agus ag meabhrú di go ndearnadh difear díreireach do mhná, do pháistí agus do mhionlaigh.
- (3) Chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, i Rún 2615 (2021) uaithi, nach sárú iad cúnaimh daonnúil agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine san Afganastáin ar mhír 1(a) de Rún 2255 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus, ag an am céanna, spreag sí go láidir na soláthraithe atá ag brath ar Rún 2615 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun iarrachtaí réasúnacha a úsáid chun fabhrú sochar ar bith chuig daoine aonair nó eintitis ainmnithe ar Liosta Smachtbhannaí de bhun Rún 1988 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a íoslághdú, bíodh an fabhrú sin mar thoradh ar sholáthar díreach nó atreorú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/486/CBES a leasú dá réir sin.
- (5) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 4 de Chinneadh 2011/486/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“6. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 maidir le cistí, acmhainní eile airgeadais nó acmhainní eacnamaíochta a phróiseáil agus a íoc ná maidir le soláthar earraí agus seirbhísí is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine san Afganastáin nó chun tacú le gníomhaíochtaí den sórt sin.”

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J.-Y. LE DRIAN

---

<sup>(1)</sup> IO L 199, 2.8.2011, lch. 57.

**CINNEADH (CBES) 2022/154 ÓN gCOMHAIRLE****an 3 Feabhra 2022****Iena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES <sup>(1)</sup>.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/72/CBES, is gá na coinníollacha a leagan amach ar a bhféadfar leanúint de chistí duine éagtha a chalcadh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú, dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 2011/72/CBES, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

“2a. Gan dochar d’Airteagal 5, i gcás éag duine a liostaítear san Iarscríbhinn:

- (a) i gcás ina ndearnadh ciontú coiriúil i leith míleithreasú cistí Stáit i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh go dtí go ndéanfar orduithe cúirte chun cistí an Stáit míleithreasaithe a aisghabháil agus go dtí go ndéanfar íoc fíneálacha a fhorghníomhú;
- (b) i gcás nach ndearnadh aon chiontú coiriúil den sórt sin i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh ar feadh tréimhse réasúnach ama, faoi réir Airteagal 12(5). Má thionscnaítear caingean shibhialta nó riaracháin laistigh den tréimhse sin chun cistí Stáit míleithreasaithe a aisghabháil, fanfaidh na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú calctha go dtí go ndíbhfean an chaingean sin nó, má sheastar léi, go dtí go mbeidh ordú na cúirte chun na cistí míleithreasaithe a aisghabháil forghníomhaithe.

2b. Déanfaidh an Chomhairle an liosta san Iarscríbhinn a leasú de réir mar is gá a luaithe a shuífidh sí nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2a maidir le calcadh cistí agus acmhainní eacnamaíocha ba leis an duine éagtha iad, nó a bhí ina seilbh nó faoina rialú, á gcomhlíonadh a thuilleadh.”

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J.-Y. LE DRIAN

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/155 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 31 Eanáir 2022**

**maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe lena gceadaítear an táirge bithicídeach Clinisept + Skin Disinfectant a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadaítear a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)457)*

**(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 55(1), an tríú fómhír de, i gcomhar le hAirteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 5 Bealtaine 2021, Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe, agus í ag gníomhú thar ceann Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann (“údarás inniúil na Ríochta Aontaithe”), ghlac sí cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, chun go gceadófaí an táirge bithicídeach Clinisept + Skin Disinfectant a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid, go dtí an 1 Samhain 2021 (“an ghníomhaíocht”). Chuir údarás inniúil na Ríochta Aontaithe an Coimisiún agus údarás inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin ngníomhaíocht agus faoin údar a bhí léi, i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an dara fómhír, den Rialachán sin.
- (2) De réir na faisnéise a chuir údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ar fáil, bhí gá leis an ngníomhaíocht chun an tsláinte phoiblí a chosaint. An 11 Márta 2020, d’fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go bhféadfaí ráig ghalar an choróinvíris (COVID-19) a shaintréithriú feasta mar phaindéim. Dhearbhaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe go raibh baol “ard” ann don Ríocht Aontaithe agus tháinig bearta sriantacha i bhfeidhm an 23 Márta 2020. Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) díghalráin lámh de bhunús alcóil a úsáid mar bheart coiscitheach i gcoinne leathadh COVID-19, de rogha ar lámha a ní le gallúnach agus uisce.
- (3) Tá clóirín gníomhach a scaoiltear ó hipeaclóiríd sóidiam mar shubstaint gníomhach in Clinisept + Skin Disinfectant. Tá clóirín gníomhach a scaoiltear ó hipeaclóiríd sóidiam formheasta lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 1, eadhon “sláinteachas an duine”, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (4) Ó thosaigh ráig COVID-19, tá éileamh an-ard ar dhíghalráin lámh sa Ríocht Aontaithe, rud as ar tháinig ganntanas soláthair nach bhfacthas a leithéid cheana maidir leis na táirgí sin. Roimh an ngníomhaíocht, ba bheag díghalráin lámh a bhí údaraithe sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is bagairt thromchúiseach é COVID-19 don tsláinte phoiblí sa Ríocht Aontaithe agus tá sé rithábhachtach díghalráin lámh bhreise a bheith ann chun cosc a chur lena leathadh.
- (5) An 29 Deireadh Fómhair 2021, fuair an Coimisiún iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil na Ríochta Aontaithe, thar ceann Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann, cead síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an tríú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh an iarraidh réasúnaithe ar bhonn na himní atá ann go bhféadfadh sé go mbeadh an tsláinte phoiblí i mbaol de dheasca COVID-19 i ndiaidh an 1 Samhain 2021 agus é á chur san áireamh go bhfuil sé rithábhachtach díghalráin lámh bhreise a cheadú ar an margadh chun an baol a bhaineann le COVID-19 a choinneáil faoi smacht.

(1) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

- (6) Dar le húdarás inniúil na Ríochta Aontaithe, tá an t-éileamh ar dhíghalráin lámh ard i gcónaí, agus dá bhrí sin is gá síneadh a chur leis an ngníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.
- (7) Spreagadh cuideachtaí gnáthúdarú le haghaidh táirge a lorg a luaithe is féidir, ar cuideachtaí iad a fuair maoluithe maidir le díghalráin lámh i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 tar éis an dearbhaithe ó EDS faoin bpaindéim. Mar sin féin, ní bhfuair údarás inniúil na Ríochta Aontaithe aon iarratas nua ar ghnáthúdarú le haghaidh táirge go dtí seo.
- (8) Ós rud é go bhfuil COVID-19 fós ina bhaol don tsláinte phoiblí agus nach féidir an baol sin a shrianadh ar bhealach leordhóthanach sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann de cheal díghalráin lámh bhreise a bheith ceadaithe ar an margadh, is iomchuí cead a thabhairt d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.
- (9) I bhfianaise go bhfuil an ghníomhaíocht imithe in éag ó bhí an 1 Samhain 2021 ann, ba cheart éifeacht chúlghabhálach a bheith ag an gCinneadh seo.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe, agus í ag gníomhú thar ceann Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann, féadfaidh sí an ghníomhaíocht chun an táirge bithicídeach Clinisept + Skin Disinfectant a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a shíneadh go dtí an 6 Bealtaine 2023.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo ar Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe agus í ag gníomhú thar ceann Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann.

Beidh feidhm aige ón 2 Samhain 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Stella KYRIAKIDES  
*Comhalta den Choimisiún*

---





ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)